Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Iúil 2015**
**(OR. en)**

**11130/15**

**ASIM 62**
**RELEX 633**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10830/2/15 REV 2 ASIM 52 RELEX 592 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9376/15 ASIM 31 RELEX 438 COMIX 250 + ADD 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le 20 000 duine easáitithe, ar léir go bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, a athlonnú trí scéimeanna iltaobhacha agus náisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad maidir leis an gceist thuasluiate, mar a chomhaontaigh an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile é an 20 Iúil 2015.

**Conclúidí ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le 20 000 duine easáitithe, ar léir go bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, a athlonnú trí scéimeanna iltaobhacha agus náisiúnta**

FÓGRAÍONN IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT:

AG FÉACHAINT DON MHÉID A LEANAS:

– an ráiteas a ghlac an Chomhairle Eorpach, an 23 Aibreán 2015, inar comhaontaíodh go mbunófaí treoirthionscadal deonach athlonnaithe ar fud an Aontais Eorpaigh, lena gcuirfear áiteanna ar fáil do dhaoine atá i dteideal a gcosanta[1];

– na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach, an 25-26 Meitheamh 2015, inar tugadh ar aird, i bhfianaise na staide éigeandála atá ann faoi láthair agus a thiomanta atá an tAontas don dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht a neartú, an comhaontú go mbeidh gach Ballstát rannpháirteach in athlonnú 20 000 duine easáitithe ar léir go bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, trí scéimeanna iltaobhacha agus náisiúnta, de réir chás sonrach na mBallstát[2];

– na Conclúidí ('*Beart a dhéanamh chun sreabha imirce a bhainistiú níos fearr*"), a glacadh ag cruinniú na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 10 Deireadh Fómhair 2014, lena n-aithnítear gur cheart do na Ballstáit uile, líon inchreidte áiteanna athlonnaithe a mholadh, ar bhonn deonach, ar bhealach atá cóir agus cothrom agus iarrachtaí na mBallstát a bhfuil tionchar ag sreabha imirce orthu, á gcur san áireamh[3];

---

[1] EUCO 18/15
[2] EUCO 22/15
[3] 14141/14

– An Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Clár Oibre Eorpach don Imirce, a tíolacadh an 13 Bealtaine 2015, ina ndéantar, inter alia, sraith de bhearta láithreacha a shainmhíniú a d'oirfeadh chun freagairt don tragóid dhaonna ar fud na Meánmhara, agus lena n-iarrtar ar an Aontas Eorpach go háirithe dlús a chur lena iarrachtaí athlonnaithe[4].

TUGANN SIAD DÁ nAIRE an moladh ón gCoimisiún chuig na Ballstáit, ón 8 Meitheamh 2015, maidir le scéim Eorpach athlonnaithe chun 20 000 duine, a bhfuil gá acu le cosaint idirnáisiúnta, a athlonnú i gcaitheamh tréimhse dhá bhliain[5],

TUGANN SIAD DÁ nAIRE go bhfuil an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis ullamh páirt a ghlacadh san iarracht athlonnaithe sin trí scéimeanna iltaobhacha agus náisiúnta,

IS DÍOL SÁSAIMH dóibh an togra ón gCoimisiún maidir le méadú EUR 50 milliún a chur idir na blianta 2015 agus 2016 leis an méid atá ar fáil faoi Chlár Athlonnaithe an Aontais, mar a leagtar amach in Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,

IS DÍOL SÁSAIMH dóibh gur glacadh buiséad leasaitheach 5/2015 de chuid an Aontais don bhliain airgeadais 2015″ag freagairt don bhrú imirce" lena bhforáiltear do EUR 25 milliún sa bhreis don bhliain 2015 faoi Rialachán an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht[6] chun an Clár Athlonnaithe Eorpach a chur chun feidhme,

AITHNÍONN SIAD go mbeidh na Ballstáit i dteideal leithdháileadh airgeadais a fháil a bheidh comhréireach le líon na ndaoine a athlonnófar ina gcríocha i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 516/2014;

AITHNÍONN SIAD a thábhachtaí atá an ról tacaíochta a bheidh ag an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) i gcur chun feidhme na scéime sin,

---

4 8961/15 COR 1
5 9376/15 ADD 1
6 Rialachán (AE) Uimh. 516/2014, ón 16 Aibreán 2014, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, lena leasaítear Cinneadh 2008/381/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 573/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 575/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2007/435/CE ón gComhairle, I.O. L 150 an 20/05/2014.

AITHNÍONN SIAD an ról lárnach a bheidh ag Ard-Choimisiún na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe sa chóras athlonnaithe agus an méid suntasach a chuirfidh an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce leis an gcóras sin,

COMHAONTAÍONN SIAD:

- go ndéanfaidh siad, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, daoine, ar léir go bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, a athlonnú, trí scéimeanna iltaobhacha agus náisiúnta, in oiriúint do chásanna sonracha na mBallstát, arna iarraidh sin d'Ard-Choimisiún na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, ó thríú tír go Ballstát le toiliú na mBallstáit sin, agus é mar chuspóir go gcosnófar iad ón refoulement agus go ligfear isteach iad agus go dtabharfar dóibh ceart fanachta agus aon chearta eile ar aon dul leis na cearta sin a thugtar do thairbhí cosanta idirnáisiúnta nó i gcás Ballstát nach bhfuil faoi cheangal ag Treoir 2011/95[7] ná ag Treoir 2004/83[8], i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive i dtaobh Stádas Dídeanaithe;

- aird a thabhairt ar na réigiúin tosaíochta don athlonnú lena n-áirítear an Afraic Thuaidh, an Meánoirthear agus Corn na hAfraice, ag díriú ach go háirithe ar na tíortha sin ina gcuirtear chun feidhme Cláir Forbartha Chosanta Réigiúnaí;

- gur gá bearta éifeachtacha a dhéanamh chun gluaiseachtaí tánaisteacha na ndaoine athlonnaithe a sheachaint, i gcomhréir le acquis an Aontais Eorpaigh.

IS DÍOL SÁSAIMH dóibh go bhfuil an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis ullamh páirt a ghlacadh san iarracht athlonnaithe sin trí scéimeanna iltaobhacha agus náisiúnta, mar a léirítear san Iarscríbhinn.

TUGANN SIAD DÁ nAIRE go bhfuil líon áirithe Stát tar éis ráitis a dhéanamh agus go gcuirfear isteach i miontuairiscí na Comhairle iad.

---

7 Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosanta coimhdí agus inneachar na cosanta a thugtar (I.O. L 337, 20.12.2011, lch. 9.

8 Treoir 2004/83/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 i dtaobh caighdeáin íosta maidir le cáilíocht agus stádas náisiúnach tríú tíortha nó daoine gan stát mar dhídeanaithe nó mar dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu ar shlí eile agus inneachar na cosanta a thugtar, I.O. L 304, an 30.09.2004, lch. 12.

| | |
|---|---|
| An Ostair | 1900 |
| An Bheilg | 1100 |
| An Bhulgáir | 50 |
| An Chróit | 150 |
| An Chipir | 69 |
| Poblacht na Seice | 400 |
| An Danmhairg | 1000 |
| An Eastóin | 20 |
| An Fhionlainn | 293 |
| An Fhrainc | 2375 |
| An Ghearmáin | 1600 |
| An Ghréig | 354 |
| An Ungáir | 0 |
| Éire | 520 |
| An Iodáil | 1989 |
| An Laitvia | 50 |
| An Liotuáin | 70 |
| Lucsamburg | 30 |
| Málta | 14 |
| An Ísiltír | 1000 |
| An Pholainn | 900 |

| | |
|---|---|
| An Phortaingéil | 191 |
| An Rómáin | 80 |
| An tSlóvaic | 100 |
| An tSlóivéin | 20 |
| An Spáinn | 1449 |
| An tSualainn | 491 |
| An Ríocht Aontaithe | 2200 |

| | |
|---|---|
| An Iorua | 3500 |
| An Íoslainn | 50 |
| Lichtinstéin | 20 |
| An Eilvéis | 519 |

Rinne líon áirithe Stát ráitis maidir le modúlachtaí a rannph//áitíochta, agus cuirfear na ráitis sin isteach i miontuairiscí na Comhairle.

---